

## SFGM - Comhairleoir Iar-bhunscoile don Pholaitíocht agus don tSochaí

### Sainchuntas Poist agus Nótaí Ginearálta

#### 1. Foramharc

Is seirbhís tacaíochta tras-earnála í an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí faoi théarmaí tagartha an Rannóg um Oideachas Múinteoirí den Roinn Oideachais agus Scileanna a ofrálann tacaíocht le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile agus do cheannairí scoile. Cuireann obair an SFGM le feabhsúchán scoile trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a sholáthair ar ghnéithe oideachasúla agus curaclaim, ag cothú cleachtas machnamhach agus forbairt leanúnach i measc múinteoirí agus ceannairí scoile.

I measc thosaíochtaí na Roinne Oideachais agus Scileanna sna blianta amach romhainn beidh:

- An litearthacht
- An uimhearthacht
- An Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht agus an Mhatamaitic (STEM)
- Teicneolaíochtaí Digiteacha a chomhtháthú leis an teagasc agus an fhoghlaim de réir Straitéis Dhigiteach an ROS do na Scoileanna
- Féinmheastóireacht Scoile
- Sláinte agus Folláine
- Ceannaireacht Scoile
- Ábhair agus Cláir Iar-bhunoideachais

**Faoi láthair tá deiseanna ar iasacht don phost mar Chomhairleoir don tSláinte agus don Fholláine ag an SFGM (Iar-Bhunscoil).**

Cuirfidh na comhairleoirí forbairt ghairmiúil agus tacaíocht ar fáil go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta do mhúinteoirí agus scoileanna i réimsí tosaíochta oideachais.

**Ní mór iarratais a bheith faighte Déardaoin, an 25 Deireadh Fómhair ar a 3 tráthnóna**

#### 2. Sainchuntas Poist

Seo a leanas na gnáth-thascanna a bheidh le déanamh ag Comhairleoir Sláinte agus Folláine (Iar-bhunscoil):

- Forbairt ghairmiúil leanúnach bainteach le tosaíochtaí náisiúnta do mhúinteoirí agus ceannairí scoile a sheachadadh agus a éascú i raon suíomhanna: seimineáir náisiúnta, ceardlanna tráthnóna, tacaíocht scoil-bhunaithe, éascú ar chnuaschruinnithe, pobail chleachtais, gréasáin ghairmiúla múinteoirí agus tacaíocht ar líne
- Dul i mbun oibre le múinteoirí agus ceannairí scoile le heiseamláirí de straitéisí éifeachtacha teagasc agus foghlama, gnásanna agus modhanna trasna réimse gnéithe den churaclam a chur chun cinn agus a léiriú
- Tacú le leabú na dteicneolaíochtaí digiteachta sa teagasc agus san fhoghlaim
- Foghlaim phearsantaithe a éascú agus tacú le cineálacha cur chuige cuimsitheacha i leith an teagasc, na foghlama agus an mheasúnaithe
- Comhairle agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus ceannairí scoile maidir le feabhsúchán scoile, an próiseas fhéinmheastóireachta scoile agus cuir i bhfeidhm an phlean feabhsúcháin scoile
- Cabhrú chun ábhair acmhainní, acmhainní ar líne san áireamh, maidir le forbairt agus tacaíocht ghairmiúil, a dhearadh agus ullmhú
- Cabhrú chun tacaíocht ar líne seanbhunaithe a choimeád ag imeacht agus a fhorbairt
- Forbairt ghairmiúil sonraithe a chur ar fáil, de réir riachtanais, tar éis meastóireachtaí scoile uile.
- Tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna maidir le gnéithe de Mhír 24 den *Acht Oideachais 1998*
- Comhoibriú, teagmháil agus cumarsáid éifeachtach a chothabháil leis an stiúrthóir náisiúnta, leas-stiúrthóir náisiúnta, ceannairí foirne agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe den SFGM agus in imeachtaí foirne
- Taifid a choimeád de gach gníomhaíochta oibre agus tuairisc rialta a chur ar fáil do chinn foirne ábhartha ar an tacaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí atá curtha ar fáil do mhúinteoirí agus ceannairí scoile
- Comhoibriú agus líonrú a dhéanamh de réir mar is gá le heagraíochtaí ábhartha eile (m.sh. Gréasáin Ghairmiúla Múinteoirí/Pobail Foghlamtha, Institiúidí Tríú Leibhéal, Coláistí Oideachais, Cigireacht na Roinne) le riachtanais múinteoirí a shásamh
- Comhoibriú leis an bpearsanra i seirbhísí tacaíochta eile (cosúil le JCT, NIPT, SESS, PMDT)
- Dul i mbun oibre i bpáirt le stiúrthóirí na n-ionad oideachais ar chomhthionscnaimh agus ar thionscnaimh áitiúla
- Teagmháil agus comhoibriú a dhéanamh le baill eile den fhoireann, comhpháirtithe agus éascaitheoirí áitiúla, mar is gá, le comhleanúnachas agus chomhsheasamhacht a chinntiú i soláthar seirbhísí agus le baill foirne páirtaimseartha a oiliúint agus a chur ag obair, de réir mar is gá
- Comhoibriú le measúnóirí seachtracha na seirbhíse

*Beidh solúbthacht ó chomhairleoirí de dhíth maidir le hobair i réimsí áirithe. Mar sin braithfidh dualgais na gcomhairleoirí ar riachtanas atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí.*

### **3. An raon eolais, taithí agus scileanna atá de dhíth**

Beidh staidéar déanta ag iarratasóirí ar cheann amháin nó níos mó de na disciplíní seo a leanas mar chuid dá mbunchéim nó staidéar iarchéime

- an tsocheolaíocht
- an pholaitíocht
- an fhealsúnacht
- an antraipeolaíocht (nó réimse gaolmhar)

Ba chóir taithí ábhartha múinteoireachta a bheith ag iarrthóirí i réimse gaolmhar, ar nós na staire, OSPS, na heacnamaíochta nó taithí ar oibriú sa réimse seo m.sh. i modúil nó tionscadail Idirbhliana, nó taighde a bheith déanta aici/aige i réimse ábhartha.

Go hidéalach, beidh raon saineolais ag iarratasóirí sna réimsí seo a leanas:

- Eolas ar an gcóras oideachais i gcoitinne
- Eolas agus tuiscint ar an ábhar/réimse a bhfuil tú ag déanamh iarratais air
- Tuiscint chuimsitheach ar phríomh-chomhpháirteanna an teagaisc agus na foghlama éifeachtaí lena n-áirítear measúnú foghlama agus measúnú chun foghlama, modheolaíochtaí gníomhacha foghlama, comhtháthú curaclaim agus cur chun cinn na scileanna smaointeoireachta ard-oird.
- Tuiscint chuimsitheach ar conas na teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú
- Eolas agus taithí ar litearthacht, uimheartacht, riachtanais speisialta oideachais, DEIS, ceannaireacht agus pleanáil
- Eolas agus tuiscint ar phróiseas SSE
- An cumas tacú le feabhsú scoile uile
- An cumas oibriú go maith mar bhall d'fhoireann agus go neamhspleách
- Sárscileanna idirphearsanta, cumarsáide, éascaitheoireachta agus cur i láthair
- An cumas oibriú i réimsí sonracha agus i réimsí cineálacha tacaíochta
- An cumas obair daoine eile a eagrú agus a chomhordú go réamhghníomhach

- Sárscileanna eagraíochtúla, bainistíochta agus digiteacha
- Cur chuige fiontraíoch i leith tascanna agus an cumas tabhairt faoi eilimintí nuálacha agus dúshlánacha den obair

*Beidh solúbthacht an-tábhachtach sa phost seo chun riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh, agus áireofar air toilteanas taisteal a dhéanamh agus/nó obair thráthnóna mar a bheadh réasúnta agus riachtanas chun dualgais an phoist a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos san Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.*

#### **Inmhianaithe:**

- A bheith páirteach i nuálaíocht/forbairt curaclaim agus/nó taithí ar fhorbairt ghairmiúil a dhearadh agus a sheachadadh lena n-áirítear fianaise ar an gcumas tacú le machnamh, fiosrú agus taighde seomra ranga i measc múinteoirí a chothú agus a thacú
- Tuiscint ar riachtanais reachtacha na scoileanna (Alt 24 den *Acht Oideachais 1998* san áireamh)
- Buntáiste a bheidh ann don phost seo taithí a bheith ag an iarratasóir ar mhúineadh trí Ghaeilge, líofacht sa teanga agus toilteanas oibriú trí Ghaeilge.

#### **4. Suíomh**

- Tabharfar an t-iarrthóir rathúil ar iasacht d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus beifear ag tuairisciú d'fhoireann bainistíochta an SFGM.
- Ní gá go mbeadh an comhairleoir lonnaithe in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. Ach beidh sé riachtanach dó/di taisteal chomh fada leis an ionad agus go dtí áiteanna eile nuair is gá.
- Beidh sé riachtanach ar iarrthóirí rathúla cóir thaistil dá gcuid féin a bheith acu agus ceadúnas tiomána iomlán a bheith acu agus an ceadúnas sin a choimeád
- Íocfar rátaí taistil agus cothabhála seirbhíse poiblí agus ríomhfar iad ón Ionad Oideachais ainmnithe is cóngaraí, nó baile, mar is cuí.

#### **5. Cáilitheacht**

- Tá an post ar oscailt do gach múinteoir cáilithe a bhfuil post aitheanta aici/aige in iar-bhunscoil aitheanta.
- Déanfar an iasacht de réir théarmaí Chiorclán Iasachta na Roinne – is é sin Chiorclán 0029/2018 i láthair na huaire.
- Ceapfar iarrthóirí rathúla ar bhonn iasachta scoilbhliana, faoi réir críochnú tréimhse phromhaidh trí mhí a bheith críochnaithe go sásúil.

- Beidh an iasacht faoi réir athbhreithniú bliantúil agus athnuachan agus ceadú bliantúil údarás na scoile/an Bhoird Bainistíochta agus na Roinne

### Ceadú na Roinne Oideachais agus Scileanna

- Beidh gach ceapachán faoi réir cheadú na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Ní thabharfar aon tairiscint dheifnídeach ceapacháin sula bhfaightear an ceadú.

### Conradh

- Ceanglófar ar gach iarrthóir rathúil conradh iasachta a shíniú, ina bhforálfar don phróiseas leanúnach feidhmiúlachta agus forbartha.

### Eile

- Déanfar gach ceapachán faoi réir grinnscrúdú Garda agus fianaise ar thaifead sásúil breoiteachta a chuirfidh an té a cheapfar ar fáil d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar.
- Déanfar gach ceapachán faoi réir teistiméireachtaí sásúla, ceann ó fhostóir reatha an iarratasóra san áireamh.
- Forchoimeádann Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an ceart an post a athfhógairt i gcás ina measann se nach leor líon na n-iarratasóirí incháilithe. Cuirfear scéala chuig iarratasóirí cáilithe agus beidh an rogha acu a n-iarratas a fhágáil ar comhad.
- Oibreoidh an té a cheapfar ar son Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar amháin agus ní ceadmhach di/dó aon fhostaíochta eile a ghlacadh le linn théarma an chonartha gan an ceadú cuí.

### 6. Tuarastal

Tá tuarastal an chomhairleora i gcomhréir le Catagóir 4 mar a fhoráiltear faoi Dhámhachtain Eadrána 2003 maidir le múinteoirí ar iasacht, faoi réir na gcoinníollacha atá luaite thíos.

Beidh an tuarastal faoi réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna nó na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcónaí. Beidh feidhm ag Ciorcláin Pá reatha na Roinne Oideachais agus Scileanna – is é Ciorclán 0083/2017 an ciorclán reatha.

Beidh comhairleoir (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht roimh 2011) i dteideal na nithe seo a leanas go léir:

- A p(h)ointe ábhartha ar Scála Comónta Pá Bunúsach na Múinteoirí, **móide**

- Liúntas le haghaidh bunchéim onóracha
- Liúntas don Ard Diplóma san Oideachas onóracha
- An liúntas caighdeánach do thréimhse ar iasacht Catagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar iasacht	Post	Scála Pá na Múinteoirí	Liúntas Céim Onóracha	Liúntas A.D.O Onóracha	Liúntas Caighdeánach Iasachta
4	Comhairleoir	Mar is infheidhme	€4,918 pa @1/1/2010	€1,236 pa @ 1/1/2010	€10,130 pa @ 1/1/2010

I gcás comhairleoir

eoirí (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht tar éis 1 Eanáir 2011 agus roimh an 1 Feabhra 2012 i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Scála Comónta Pá Bunúsach na Múinteoirí, **móide**
- Liúntas don Ard-Diplóma san Oideachas **má tá an liúntas sin ag an múinteoir cheana féin**
- An liúntas caighdeánach do thréimhse ar iasacht Catagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar iasacht	Post	Scála Pá na Múinteoirí	Liúntas A.D.O Onóracha	Liúntas Caighdeánach Iasachta
4	Comhairleoir	Mar is infheidhme	€1,236 pa @ 1/1/2010	€10,130 pa @ 1/1/2010

Beidh comhairleoir (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht tar éis an 1 Feabhra 2012) i dteideal na nithe seo a leanas go léir:

- A p(h)ointe ábhartha ar Scála Comónta Pá Bunúsach na Múinteoirí, **móide**
- An liúntas caighdeánach do thréimhse ar iasacht Catagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar iasacht	Post	Scála Pá na Múinteoirí	Liúntas Caighdeánach Iasachta
4	Comhairleoir	Mar is infheidhme	€10,130 pa @ 1/1/2010

Ní íocfar liúntas maidir le haon cháilíocht bhreise nó post dualgais do phearsanra ar iasacht atá ag fáil na liúntas ar iasacht thuas.

## 7. Nós Imeachta Roghnúcháin

- Trí agallamh iomaíoch a roghnófar iarrthóirí.
- Ba chóir foirmeacha comhlánaithe iarratais a chur isteach mar cheangaltán ríomhphoist amháin faoin **Déardaoin, 25 Deireadh Fómhair ar a 3 tráthnóna chuig [recruitment@pdst.ie](mailto:recruitment@pdst.ie)**
- Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha,
- Bunófar coiste roghnóireachta le gach gné den phróiseas roghnóireachta a chur i ngníomh
- Is féidir go ndéanfar gearrliosta
- Faoi iarrthóirí a bheidh sé iad féin a chur ar fáil le dul faoi agallamh, má iarrtar sin orthu. Ba chóir go dtuigfí go mb'fhéidir nach mbeifear ábalta dáta eile a chur ar fáil.
- Beidh orthu siúd a ghlaofar chun agallaimh cur i láthair 5 nóiméad a dhéanamh os comhair painéal agallaimh ag díriú ar fhís an iarrthóra don phost agus an méid a chuirfidh sí/sé le forbairt ghairmiúil múinteoirí leis an SFGM.
- Agallamh bunaithe ar inniúlachtaí a bheidh ann ar aon dul leis na scileanna atá leagtha i gcuid 3 thuas den tsonraíocht poist agus iad siúd atá leagtha amach ar an bhfoirm iarratais
- D'fhéadfaí painéal a chur le chéile óna líonfar folúntas ag leibhéal an chomhairleora amach anseo
- Dícháileoidh canbhasáil díreach nó indíreach
- Beidh iarrthóirí freagrach as gach caiteachas a thabhfófar i dtaca leis an iarratas agus an agallamh

## 8. Scaoileadh ó Phost Reatha

- Is faoin iarrthóir rathúil atá sé comhaontú a fháil ón údarás scoile iad a scaoileadh chun an post seo a ghlacadh ar feadh na tréimhse i dtrácht
- Beifear ag súil go nglacfaidh an t-iarrthóir rathúil leis an cheapachán chomh luath agus is féidir
- Beidh gealltanais chun scaoileadh ó d'fhostóir riachtanach. Nuair a gheofar tairiscint cuirfear ceist ar an iarrthóir rathúil deimhniú láithreach a fháil óna f(h)óstóir (m.sh. Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta). Ní mór a léiriú sa ráiteas sínithe go bhfuil ar chumas an fhostóra (m.sh. Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta) an t-iarrthóir rathúil a scaoileadh.

## 9. Ceisteanna



Ba chóir aon cheist maidir leis an doiciméad seo a sheoladh le ríomhphost chuig [recruitment@pdst.ie](mailto:recruitment@pdst.ie)